Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
H91 H6KX.

Áras an Chontae,
Prospect Hill, Galway.
H91 H6KX.

Fón/Phone: (091) 509 000
Facs/Fax: (091) 509 010
Idirlíon/Web: www.gaillimh.ie
www.galway.ie

@GalwayCoCo
GalwayCounty

Tithíocht
Housing
(091) 509 300
housing@galwaycoco.ie

Deontais Tithíochta
Housing Grants
(091) 509 301
housing@galwaycoco.ie

Seirbhísí Corparáideacha
Corporate Services
(091) 509 225
corpserv@galwaycoco.ie

Timpeallacht & Tréidliachta
Environment & Veterinary
(091) 509 510
environment@galwaycoco.ie

Bóithre, Iompar & Muirí
Roads, Transportation & Marine
(091) 509 309
roads@galwaycoco.ie

Acmhainní Daonna
Human Resources
(091) 509 303
hr@galwaycoco.ie

Mótarcháin
Motor Taxation
(091) 509 099
motortax@galwaycoco.ie

Clár na dToghthóirí
Register of Electors
(091) 509 310
electors@galwaycoco.ie

Seirbhísí Uisce
Water Services
(091) 509 505
water@galwaycoco.ie

Pobal & Fiontar
Community & Enterprise
(091) 509 521
community@galwaycoco.ie

Pleanáil
Planning
(091) 509 308
planning@galwaycoco.ie

Leabharlann
Library
(091) 562 471
info@galwaylibrary.ie

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Cinneadh AA

Tá Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 ullmhaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.

De réir cheanglas Alt 177U den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe Scagadh do Mheasúnacht Oiriúnachta ar Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 (ar a dtabharfar an tAthrú as seo ar aghaidh). Chinntigh an Scagadh do Mheasúnacht Oiriúnachta go raibh gá le Measúnacht Oiriúnachta (AA) mar go dtacaíonn an tAthrú le feidhmiú Straitéis Iompair na Gaillimhe; straitéis ina bhfuil eilimintí tionscadail a bhféadfadh cosáin ionchasacha tionchair a bheith ag baint leo á nascadh le láithreáin Eorpacha agus dá bhrí sin, gur móide go mbeidh tionchar suntasach acu ar na láithreáin Eorpacha sin, ina n-aonar nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile.

An príomhchuspóir atá leis an Athrú ná Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) a chuimsiú, nuair is ábhartha, i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021. Cé go bhfuil eilimintí eile corpraithe san Athrú, is iad na cinn a bhain leis an GTS amháin a cuireadh san áireamh mar gurb iad sin ba mhó a d'fhéafadh tionchar suntasach a imirt ar aon láithreá(i)n Eorpach(a).

**An Tuarascáil Tionchair Natura 2011 (NIR)**

Mar a éilítear faoi Alt 177T den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), tá Tuarascáil Tionchair Natura (NIR) ullmhaithe. Cuireann an NIR scrúdú eolaíoch ar fáil i dtaca le héifeacht dhíobhálach a bheith nó gan a bheith ag an Athrú ar shláine aon Láithreáin Eorpaigh, ina aonar nó i gcomhar le haon phleananna nó tionscadail eile, i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an láithreáin.

Tá an scrúdú, anailís agus luacháil ar chuspóirí agus aidhmeanna straitéiseacha an GTS, mar aon leis na heilimintí den tionscadal beartaithe atá mar bhonn leo, leagtha amach i Mír 3 den NIR agus achoimrithe i gCaibidil 9 de phríomh-thuarascáil an GTS. Cuireann an chuid lárnach den NIR achoimre ar fáil de gach céim den mheasúnacht agus tá na measúnachtaí mionsonraithe agus an t-eolas tacaíochta ar fáil in Aguisíní A go dtí G.

**Láithreáin Eorpacha atá i mbaol ó éifeachtaí díobhálacha ar shláine an láithreáin ón Athrú a aithint**

Tagraíonn an GTS do roinnt eilimintí tionscadail agus is trí fheidhmiú na dtionscadal sin a bhainfear amach treoirphrionsabail, cuspóirí straitéiseacha agus aidhmeanna straitéiseacha na Straitéise féin. Tá siad sin aimsithe agus grúpáilte mar a leanas san NIR:

- An líonra coisithe
- Glasbhealach Bhearna
- Rotharbhealach Ghaillimh go Baile Átha Cliath (Cathair na Gaillimhe go hÓrán Mór)
- Glasbhealach Ghaillimh go hUachtar Ard

Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
H91 H6KX.

Áras an Chontae,
Prospect Hill, Galway.
H91 H6KX.

Fón/Phone: (091) 509 000
Facs/Fax: (091) 509 010
Idirlíon/Web: www.gaillimh.ie
www.galway.ie

@GalwayCoCo
GalwayCounty

Tithíocht
Housing
(091) 509 300
housing@galwaycoco.ie

Deontais Tithíochta
Housing Grants
(091) 509 301
housing@galwaycoco.ie

Seirbhísí Corparáideacha
Corporate Services
(091) 509 225
corpserv@galwaycoco.ie

Timpeallacht & Tréidliachta
Environment & Veterinary
(091) 509 510
environment@galwaycoco.ie

Bóithre, Iompar & Muirí
Roads, Transportation & Marine
(091) 509 309
roads@galwaycoco.ie

Acmhainní Daonna
Human Resources
(091) 509 303
hr@galwaycoco.ie

Mótarcháin
Motor Taxation
(091) 509 099
motortax@galwaycoco.ie

Clár na dToghthóirí
Register of Electors
(091) 509 310
electors@galwaycoco.ie

Seirbhísí Uisce
Water Services
(091) 509 505
water@galwaycoco.ie

Pobal & Fiontar
Community & Enterprise
(091) 509 521
community@galwaycoco.ie

Pleanáil
Planning
(091) 509 308
planning@galwaycoco.ie

Leabharlann
Library
(091) 562 471
info@galwaylibrary.ie



- Eiliminti de líonra rothaíochta nach mbaineann le glasbhealaí
- Líonra taistil phoiblí
- Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

Is iad na heilimintí seo den tionscadal beartaithe, agus a bhfeidhmiú tríd an Straitéis, a bhfuil sé d'ionchas acu tionchar a imirt ar chuspóirí caomhnaithe na láithreán Eorpach.

Déantar sainiú in Alt 3.1.1 den NIR crios tionchair (ZoI) an GTS i gcomaoin nádúr a n-eilimintí éagsúla tionscadail agus na cosáin éifeachtaí ionchasacha a d'fhéadfadh iad a nascadh le láithreáin Eorpacha. Ansin, cinntíonn an chrios tionchair cé na láithreáin Eorpacha a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó thionchair dhíobhálacha ar a sláine mar thoradh ar fheidhmiú an GTS. Seo a leanas na láithreáin Eorpacha atá aitheanta laistigh den chrios tionchair san NIR:

- SAC Loch Coirib (Cód Láithreáin: 000297)
- SPA Loch Coirib (Cód Láithreáin: 004042
- SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód Láithreáin: 000268)
- SPA Thaobh Istigh de Chuan na Gaillimhe (Cód Láithreáin: 004031)
- SAC Loch an Rois agus Coillte an Rosa (Cód Láithreáin: 001312)
- SAC Fhéarach Ard Raithin (Cód Láithreáin: 002244)
- SPA Riasc Chreig Eanaigh (Cód Láithreáin: 004142)
- SAC Thurlach Ráth Asáin (Cód Láithreáin: 000322)
- SPA Thurlach Ráth Asáin (Cód Láithreáin: 004089)
- SAC Choimpléasc Chaisleáin Táilliúir (Cód Láithreáin: 000242)
- SAC Thurlach Chill Tiarnáin (Cód Láithreáin: 001285)
- SAC Choimpléasc Loch Fionngheal (Cód Láithreáin: 000606)

Bunaithe ar an measúnacht atá curtha i láthair i Mír 3.1.2 agus 3.1.3 (agus in Aguisíní A, B agus C) den NIR, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe sásta nach bhfuil aon láithreán Eorpach eile laistigh de chrios tionchair an GTS.

**Ionchas an Athruithe éifeacht dhíobhálach a imirt ar shláine na láithreán Eorpach sin atá laistigh dá chrios tionchair**

Tá an mheasúnacht ar éifeacht dhíobhálach a bheith nó gan a bheith ag an GTS ar shláine na láithreán Eorpach sin atá laistigh dá chrios tionchair curtha ar fáil i Mír 3 agus in Aguisíní A, B agus C den NIR. Tá an mheasúnacht tacaithe le breis sonraí teicniúla agus eolaíocha sna hAguisíní. Áirithe ansin tá sonraí agus measúnacht gheolaíoch agus hidrigeolaíochta a bhaineann le Tollán an Leacaigh atá beartaithe do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR) ag Cairéal an Leacaigh (Aguisín F) agus sonraí eolaíocha faoi ghnáthóga laistigh de SAC Loch Coirib do chonair an N6 GCRR (Aguisín G). Agus measúnú á dhéanamh ar na naisc idir eilimintí éagsúla an tionscadail, a gcosáin thionchar agus cuspóirí caomhnaithe QIanna agus SCIanna na láithreán Eorpach laistigh de chrios tionchair an GTS (Aguisín C den NIR), cuireadh na QIanna/SCIanna go léir san anailís sin mar go bhféadfadh aon cheann acu a bheith faoi thionchar ag brath ar shuíomhanna, scóip agus méid dhíreach aon cheann d'eilimintí tionscadail an GTS sa todhchaí.

San anailís a rinneadh san NIR, rinneadh measúnú ar an réimse reatha de pholasaithe cosanta comhshaoil atá i bhfeidhm agus ag tabhairt cosanta ag leibhéal straitéiseach do láithreáin Eorpacha ó aon tionchair ionchasacha a bhainfeadh le feidhmiú an GTS (ar fáil in Aguisín D den NIR). Déanann an NIR tagairt do Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe

Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
H91 H6KX.

Áras an Chontae,
Prospect Hill, Galway.
H91 H6KX.

Fón/Phone: (091) 509 000
Facs/Fax: (091) 509 010
Idirlíon/Web: www.gaillimh.ie
www.galway.ie

@GalwayCoCo
GalwayCounty

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

2015-2021 agus do Phlean Forbartha Chomhairle Chathair na Gaillimhe 2017-2023 araon. Ach sin ráite, d'ainneoin na bpolasaithe cosanta atá i bhfeidhm ag an am seo nó thar shaolré na bPleananna reatha, ní féidir a bheith cinnte den leibhéal cosanta comhshaoil a chuirfear ar fáil in aon atriallta de na pleananna úsáid talún réamhráite thar an achar ama réamh-mheasta 20 bliain chun an GTS a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, d'aithin an NIR go raibh gá le bearta maolaithe breise a bheadh ní ba shonraí agus dírithe ar an tionscadal chun deileáil mar is cóir leis na cosáin thionchair ionchasacha a bhaineann le heilimintí an tionscadail atá áirithe laistigh den GTS chun a bheith in ann a léiriú nach mbeidh éifeacht dhíobhálach ag an GTS ar shláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. Tá na bearta sin curtha ar fáil i Mír 32 den NIR.

Aontaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe leis na measúnachtaí atá churtha ar fáil san NIR go bhfuil cuid mhór de na heilimintí tionscadail sa GTS ina mbaol go mbeidh éifeacht dhíobhálach acu ar shláine na láithreán Eorpach, agus go bhfuil gá le bearta maolaithe atá sonrach don GTS agus sonrach d'eilimintí áirithe tionscadail i roinnt cásanna, chun déileáil leis na rioscaí sin.

**Bearta maolaithe**

Tá na bearta maolaithe a dtagraítear dóibh san Athrú maidir leis an GTS leagtha amach i gCaibidil 9, Mír 9.3.5 den GTS. Tá an straitéis mhaolaithe struchtúrtha thart ar na cosáin thionchair ionchasacha a bhaineann leis na heilimintí tionscadail beartaithe atá sa GTS agus an bealach a dtagraíonn siad sin ar ais chuig a n-ionchas le tionchar a imirt ar láithreá(i)n Eorpach(a). Tá an ceangal idir na cosáin thionchair ionchasacha atá aitheanta do na heilimintí tionscadail GTS mar aon leis an straitéis mhaolaithe áirithe i Mír 3.1.3 den NIR. Tugann Mír 32 den NIR na bearta maolaithe céanna sin agus trí Mhíreanna 3.2, 3.4 agus 3.5 déantar measúnú ar an dóigh a gcinnteoidh na bearta sin nach dtarlóidh éifeachtaí díobhálacha do shláine aon láithreá(i)n Eorpach(a) de thoradh fheidhmiú an GTS.

Maidir le aon eilimintí tionscadail atá imlínithe sa GTS, nuair nach féidir éifeachtaí díobhálacha ar shláine láithreáin Eorpaigh a chur as an áireamh, scrúdófar agus breithneofar malairtí chun stop a chur leis an riosca go dtarlóidh a leithéid d'éifeacht. Murar féidir malairt a fháil a sheachnóidh na héifeachtaí díobhálacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, cuirfidh an straitéis mhaolaithe srian ar an eilimint sin den tionscadal GTS ó dhul ar aghaidh. Tá an tsreabhchairt fheidhmithe atá áirithe i gCaibidil 10 den GTS lárnach freisin don straitéis mhaolaithe. Leagtar amach ansin na céimeanna forbartha agus an próiseas cinnteoireachta a leanfaidh gach tionscadal a bheidh á chur i bhfeidhm faoi GTS, maidir le riachtanais na Treorach maidir le Gnáthóga.

Cinnteofar nach mbeidh aon éifeacht dhíobhálach ag an GTS ann féin ar shláine aon láithreáin Eorpacha tríd na bearta maolaithe a leagann amach na srianta a bheidh i gceist i dtaca le seachadadh tionscadal (i.e. éifeachtaí díobhálacha ar shláine láithreán Eorpach a sheachaint), cúinsí a bheidh le measúnú ag an údarás inniúil agus eilimintí tionscadail AA nó GTS á ndéanamh, agus ina dhiaidh sin tiocfaidh an próiseas feidhmithe a leanfaidh na tionscadail GTS go léir de réir mar a bheidh tionscadail á ndearadh agus á bhfeidhmiú ag Comhairle Chathair na Gaillimhe nó Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Tithíocht
Housing
(091) 509 300
housing@galwaycoco.ie

Deontais Tithíochta
Housing Grants
(091) 509 301
housing@galwaycoco.ie

Seirbhísí Corparáideacha
Corporate Services
(091) 509 225
corpserv@galwaycoco.ie

Timpeallacht & Tréidliachta
Environment & Veterinary
(091) 509 510
environment@galwaycoco.ie

Bóithre, Iompar & Muirí
Roads, Transportation & Marine
(091) 509 309
roads@galwaycoco.ie

Acmhainní Daonna
Human Resources
(091) 509 303
hr@galwaycoco.ie

Mótarcháin
Motor Taxation
(091) 509 099
motortax@galwaycoco.ie

Clár na dToghthóirí
Register of Electors
(091) 509 310
electors@galwaycoco.ie

Seirbhísí Uisce
Water Services
(091) 509 505
water@galwaycoco.ie

Pobal & Fiontar
Community & Enterprise
(091) 509 521
community@galwaycoco.ie

Pleanáil
Planning
(091) 509 308
planning@galwaycoco.ie

Leabharlann
Library
(091) 562 471
info@galwaylibrary.ie

Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
H91 H6KX.

Áras an Chontae,
Prospect Hill, Galway.
H91 H6KX.

Fón/Phone: (091) 509 000
Facs/Fax: (091) 509 010
Idirlíon/Web: www.gaillimh.ie
www.galway.ie

@GalwayCoCo
GalwayCounty

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Tá measúnacht déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an straitéis mhaolaithe atá áirithe sa GTS. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe sásta gur féidir a bheith cinnte, thar amhras réasúnach eolaíoch, go gcinntíonn na bearta maolaithe atá leagtha amach sa GTS nach mbeidh aon éifeachtaí díobhálacha ag a fheidhmiú ar shláine aon láithreáin Eorpaigh.

**Measúnacht ar thionchair i gcomhar lena chéile**

Tá scrúdú curtha ar fáil san NIR ar ionchas pleananna agus/nó tionscadail eile feidhmiú i gcomhar leis an Athrú chun éifeacht dhíobhálach a imirt ar shláine na láithreán Eorpach sin atá laistigh dá chrios tionchair (mar atá achoimrithe i Mír 3.6 agus anailísithe go mion in Aguisín E). Rinne an anailís atá san NIR measúnú an mbeadh nó nach mbeadh aon cheann d'eiliminti tionscadail an GTS in ann tionchar a imirt ar aon láithreán Eorpach ann féin, agus ansin i gcomhar le gach ceann de na pleananna agus na tionscadail maidir le haon mheasúnacht éiceolaíochta ábhartha a bheifí a dhéanamh. Rinne an anailís seo measúnú ar bheart maolaithe an GTS, na polasaithe agus na cuspóirí comhshaoil atá ag pleananna ábhartha uileghabhálacha úsáid talún, agus aon mheasúnachtaí éiceolaíochta a ullmhaíodh do na pleananna agus na tionscadail seo a bhfuil ionchas acu feidhmiú i gcomhar leis an Athrú.

Rinne an mheasúnacht seo amach nach dtiocfaidh aon éifeachtaí díobhálacha ar shláine láithreán Eorpach ón Athrú ná ón GTS ag feidhmiú i gcomhar le haon phleananna nó tionscadail eile atá lonnaithe laistigh de ZoI na Straitéise.

Measann Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil scrúdú iomlán déanta ag scóip na measúnachta seo ar an ionchasach d'éifeachtaí pleananna agus tionscadail feidhmiú i gcomhar leis an Athrú, agus aontaítear leis an gconclúid ar thángthas uirthi.

**Measúnú ar aighneachtaí**

Fuarthas aighneachtaí faoi thogra Athraithe Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021 uathu seo a leanas:

1. An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
2. Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt & an Iarthair (NWRA)
3. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (DAHRRGA)
4. An Roinn Oideachais agus Scileanna
5. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)
6. Bonneagar Iompair Éireann (TII)
7. Údarás na Gaeltachta
8. Oifig na nOibreacha Poiblí
9. Iarla Molly

Ní raibh ach aighneacht amháin, a tháinig ón An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta (DAHRRGA), a rinne tagairt shonrach nó a d'ardaigh ceisteanna i dtaca leis an bpróiseas NIR agus AA. Ardaíodh na pointí seo a leanas in

Tithíocht
Housing
(091) 509 300
housing@galwaycoco.ie

Deontais Tithíochta
Housing Grants
(091) 509 301
housing@galwaycoco.ie

Seirbhísí Corparáideacha
Corporate Services
(091) 509 225
corpserv@galwaycoco.ie

Timpeallacht & Tréidliachta
Environment & Veterinary
(091) 509 510
environment@galwaycoco.ie

Bóithre, Iompar & Muirí
Roads, Transportation & Marine
(091) 509 309
roads@galwaycoco.ie

Acmhainní Daonna
Human Resources
(091) 509 303
hr@galwaycoco.ie

Mótarcháin
Motor Taxation
(091) 509 099
motortax@galwaycoco.ie

Clár na dToghthóirí
Register of Electors
(091) 509 310
electors@galwaycoco.ie

Seirbhísí Uisce
Water Services
(091) 509 505
water@galwaycoco.ie

Pobal & Fiontar
Community & Enterprise
(091) 509 521
community@galwaycoco.ie

Pleanáil
Planning
(091) 509 308
planning@galwaycoco.ie

Leabharlann
Library
(091) 562 471
info@galwaylibrary.ie

Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
H91 H6KX.

Áras an Chontae,
Prospect Hill, Galway.
H91 H6KX.

Fón/Phone: (091) 509 000
Facs/Fax: (091) 509 010
Idirlíon/Web: www.gaillimh.ie
www.galway.ie

@GalwayCoCo
GalwayCounty

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

aighneacht an DAHRRGA (Uimh. Thagartha FP2017/005), atá áirithe ina iomláine in Aguisín 1:

1. *Ina iomláine, tá an maolú ag an leibhéal pleanála ag ailíniú leis na céimeanna measúnachta agus cinnteoireachta atá leagtha amach cheana féin sa reachtaíocht d'fhorbairtí beartaithe, i.e. Cuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) i gcás an phróisis mheasúnachta oiriúnachta. Tugtar ar aird gurb í an eisceacht sa chás sin gur cosúil go bhfuil an Chomhairle ag cur toirmisc le measúnú ar aon chás Airteagal 6(4) IROPI sa todhchaí, dá dtiocfadh gá leis, trí rá san NIR nach gcuirfí tionscadal chun cinn, nó nach gceadófaí é, dá mbeadh baol ann ó éifeachtaí díobhálacha ar shláine an láithreáin Eorpaigh.*

   I gcás nach féidir éifeachtaí díobhálacha ar shláine láithreáin Eorpaigh a chur as an áireamh, éilíonn an straitéis mhaolaithe go gcaithfear malairtí a scrúdú agus a bhreithniú chun stop a chur leis an riosca go dtarlóidh a leithéid d'éifeacht. Murar féidir malairt dá leithéid a fháil cuirfidh an straitéis mhaolaithe srian ar an eilimint sin den tionscadal GTS ó dhul ar aghaidh san fhoirm ina bhfuil sé dá mbeadh sé de thoradh air go mbeadh éifeachtaí díobhálacha ar shláine láithreáin Eorpaigh. Ceadaíonn an straitéis mhaolaithe don NIR agus do Chomhairle Chontae na Gaillimhe (agus measúnú á dhéanamh ar thionscadail an GTS, lena n-áirítear an N6 GCRR, mar atá léirithe faoi láthair) a theacht den tuairim, thar amhras réasúnach eolaíoch, nach mbeadh aon éifeacht díobhálach ar shláine aon láithreán Eorpach, as féin na i gcomhar le haon phleananna nó tionscadail eile.

2. *I dtaca leis an GTS agus an t-athrú seo, agus i gcás go mbeadh tionscadail iompraíochta eile i gceist i nGaillimh, tá sé luaite go gcaithfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe a chinntiú go ndéanfar measúnacht iomlán ar na rioscaí a bhaineann leis na bearta maolaithe atá sonraithe, ag nótáil go bhfuil siad sin ina gcuid den NIR agus nach ndéanann siad leasú ar ábhar an GTS.*

   Baineann an tAthrú beartaithe leis an GTS a chuimsiú isteach i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, agus ní bhaineann sé ach leis na tionscadail iompraíochta atá sa GTS.

   Shoiléirigh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra go raibh na rioscaí a dtagraítear dóibh i dtaca leis na bearta maolaithe ag baint le cás ina bhféadfadh údarás inniúil a rialú go bhféadfadh gá a bheith ag tionscadal GTS le cead faoi fhorálacha Airteagail 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga. Maidir leis na heilimintí tionscadail éagsúla a bhfuil cur síos orthu sa GTS, beifear in ann aon ionchas d'idirghníomhaíocht le láithreán Eorpach agus/nó le tionchair ar na cuspóirí comhshaoil atá ag tacú le Leasanna Cáilitheacha (QIanna) /Leasanna Speisialta Caomhnaithe (SCIanna) a sheachaint (m.sh. go díreach, nó trí bhearta innealtóireachta/deartha) nó a mhaolú agus ba é cinneadh

Tithíocht
Housing
(091) 509 300
housing@galwaycoco.ie

Deontais Tithíochta
Housing Grants
(091) 509 301
housing@galwaycoco.ie

Seirbhísí Corparáideacha
Corporate Services
(091) 509 225
corpserv@galwaycoco.ie

Timpeallacht & Tréidliachta
Environment & Veterinary
(091) 509 510
environment@galwaycoco.ie

Bóithre, Iompar & Muirí
Roads, Transportation & Marine
(091) 509 309
roads@galwaycoco.ie

Acmhainní Daonna
Human Resources
(091) 509 303
hr@galwaycoco.ie

Mótarcháin
Motor Taxation
(091) 509 099
motortax@galwaycoco.ie

Clár na dToghthóirí
Register of Electors
(091) 509 310
electors@galwaycoco.ie

Seirbhísí Uisce
Water Services
(091) 509 505
water@galwaycoco.ie

Pobal & Fiontar
Community & Enterprise
(091) 509 521
community@galwaycoco.ie

Pleanáil
Planning
(091) 509 308
planning@galwaycoco.ie

Leabharlann
Library
(091) 562 471
info@galwaylibrary.ie

Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
H91 H6KX.

Áras an Chontae,
Prospect Hill, Galway.
H91 H6KX.

Fón/Phone: (091) 509 000
Facs/Fax: (091) 509 010
Idirlíon/Web: www.gaillimh.ie
www.galway.ie

@GalwayCoCo
GalwayCounty

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

an NIR gur féidir an GTS a sheachadadh gan úsáid a bhaint as fhorálacha Airteagail 6(4).

Is iad na bearta maolaithe atá curtha ar fáil agus pléite san NIR faoin Athrú Uimh. 1 beartaithe do Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, na cinn céanna atá áirithe laistigh den GTS. Rinne an NIR scrúdú, anailís agus measúnacht orthu chun cead a thabhairt do Chomhairle Chontae na Gaillimhe measúnacht neamhspleách a dhéanamh faoina mbeidh nó nach mbeidh aon éifeacht dhíobhálach ag an GTS ar shláine na láithreán Eorpach, as féin nó i gcomhar le haon phleananna nó tionscadail eile. Bhí an NIR den tuairim gur amhlaidh a bhí an cás agus dá réir sin, is é tuairim Chomhairle Chontae na Gaillimhe nach raibh aon ghá leasú a dhéanamh ar ábhar an GTS.

3. *Tugann sé ar aird freisin gur chomhairligh an Roinn don Chomhairle nach féidir úsáid a bhaint as páirt-mheasúnacht ar thionscadal chun a léiriú go cinnte go mbeidh an tionscadal foriomlán in ann tástálacha na measúnachtaí oiriúnachta a phasáil agus Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga.*

Ní dhéantar aon tagairt shonrach in aighneacht na Roinne d'aon eilimintí tionscadail GTS sa chomhthéacs seo. Tá an NIR ag measúnú an bhfuil nó nach bhfuil aon riosca ag baint le feidhmiú an GTS (agus na heilimintí tionscadail éagsúla a dtagraíonn sé dóibh) maidir le héifeacht dhíobhálach a bheith aige ar aon láithreáin Eorpacha; níl sé ag anailísiú na dtionscadal sin ceann ar cheann. Léiríonn an leibhéal mionsonraí atá san NIR agus sa straitéis mhaolaithe an leibhéal mionsonraí atá ar fáil ar an GTS agus na heilimintí tionscadail a bhfuil cuir síos orthu ann, ag an am foilsithe. Tá eochairthionchair ionchasacha aitheanta i dtaca le cuid d'eilimintí tionscadail an GTS. De bharr tuairiscí tionscadal ag scálaí difriúla de shonrú tíreolaíoch, bhí gá le leibhéal níos airde de shonraíocht do chuid de na heilimintí tionscadail seo chun chuntas iomlán a thabhairt ar thionchair agus iad a anailísiú, agus a léiriú gur féidir iad a chur chun cinn gan cur isteach ar na cuspóirí caomhnaithe atá ag tacú le QIanna agus SCIanna na láithreán Eorpach, mar aon le tástálacha na measúnachtaí oiriúnachta a phasáil agus Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe den tuairim nach gcuireann an NIR páirt-mheasúnacht ar fáil ar aon tionscadal ach go gcuireann sé leibhéal dóthanach de mhionsonraí measúnachta ar fáil chun tacú lena chonclúidí, thar amhras réasúnach eolaíoch, nach mbeadh aon éifeacht díobhálach ag feidhmiú an GTS ar shláine aon láithreáin Eorpaigh, as féin nó i gcomhar le haon phleananna nó tionscadail eile.

Tithíocht
Housing
(091) 509 300
housing@galwaycoco.ie

Deontais Tithíochta
Housing Grants
(091) 509 301
housing@galwaycoco.ie

Seirbhísí Corparáideacha
Corporate Services
(091) 509 225
corpserv@galwaycoco.ie

Timpeallacht & Tréidliachta
Environment & Veterinary
(091) 509 510
environment@galwaycoco.ie

Bóithre, Iompar & Muirí
Roads, Transportation & Marine
(091) 509 309
roads@galwaycoco.ie

Acmhainní Daonna
Human Resources
(091) 509 303
hr@galwaycoco.ie

Mótarcháin
Motor Taxation
(091) 509 099
motortax@galwaycoco.ie

Clár na dToghthóirí
Register of Electors
(091) 509 310
electors@galwaycoco.ie

Seirbhísí Uisce
Water Services
(091) 509 505
water@galwaycoco.ie

Pobal & Fiontar
Community & Enterprise
(091) 509 521
community@galwaycoco.ie

Pleanáil
Planning
(091) 509 308
planning@galwaycoco.ie

Leabharlann
Library
(091) 562 471
info@galwaylibrary.ie

Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
H91 H6KX.

Áras an Chontae,
Prospect Hill, Galway.
H91 H6KX.

Fón/Phone: (091) 509 000
Facs/Fax: (091) 509 010
Idirlíon/Web: www.gaillimh.ie
www.galway.ie

@GalwayCoCo
GalwayCounty

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**Athruithe ar an Athrú mar thoradh ar aighneachtaí**

Tar éis an phróisis chomhairliúcháin phoiblí, níor dearnadh ach leasú amháin ar Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021. Bhain an leasú sin le Cuspóir TI 12 agus cur ar ais an riachtanais gur ar an bhforbróir a thiocfadh an chostas a bhainfeadh le bearta maolaithe i dtaca le fothram (rud a bhí molta a bhaint amach san Athrú). Aontaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe le conclúid na measúnachta ar an leasú seo atá curtha i láthair sa tuarascáil *Variation No. 1 to the Galway County Development Plan 2015 – 2021, Natura Impact Report Addendum* (ullmhaithe ag Scott Cawley) a dúirt nach mbeadh aon éifeacht díobhálach ag an leasú seo ar shláine aon láithreáin Eorpaigh.

**Cinntiúchán**

Tar éis athbhreithnithe, scrúdú anailísiú agus measúnacht a dhéanamh ar ábhar Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 - 2021, lena n-áirítear an t-ábhar atá sa GTS, na sonraí a cuireadh i láthair san NIR, agus na haighneachta ábhartha tríú pearsa, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aon fhocal le conclúid an NIR nach mbeidh aon éifeacht díobhálach ag an Athrú ar shláine aon láithreáin Eorpaigh.

De réir Alt 177V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnacht oiriúnachta agus chinntigh siad, i bhfianaise na faisnéise eolaíochta is fearr, lena n-áirítear ach go háirithe nádúr na dtionchar tuartha a d'fhéadfadh tarlú de bharr an Athraithe agus an GTS (i gcomaoin na mbeart maolaithe atá áirithe laistigh den GTS), nach bhfuil sé d'ionchas ag Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021 éifeacht dhíobhálach a imirt ar aon láithreán Eorpach, as féin nó i gcomhar le haon phleananna nó tionscadail eile.

A/ Director of Services,

Planning, Community, Enterprise & Economic Development

13 Aibreán 2017

Tithíocht
Housing
(091) 509 300
housing@galwaycoco.ie

Deontais Tithíochta
Housing Grants
(091) 509 301
housing@galwaycoco.ie

Seirbhísí Corparáideacha
Corporate Services
(091) 509 225
corpserv@galwaycoco.ie

Timpeallacht & Tréidliachta
Environment & Veterinary
(091) 509 510
environment@galwaycoco.ie

Bóithre, Iompar & Muirí
Roads, Transportation & Marine
(091) 509 309
roads@galwaycoco.ie

Acmhainní Daonna
Human Resources
(091) 509 303
hr@galwaycoco.ie

Mótarcháin
Motor Taxation
(091) 509 099
motortax@galwaycoco.ie

Clár na dToghthóirí
Register of Electors
(091) 509 310
electors@galwaycoco.ie

Seirbhísí Uisce
Water Services
(091) 509 505
water@galwaycoco.ie

Pobal & Fiontar
Community & Enterprise
(091) 509 521
community@galwaycoco.ie

Pleanáil
Planning
(091) 509 308
planning@galwaycoco.ie

Leabharlann
Library
(091) 562 471
info@galwaylibrary.ie